Is Glas na Cnoic i bFad Uainn

Máire B. Ní Dodaiġ

Aċ ní féaraċ! Toisc gur sean-ḟocal é tá sé de nós againn gáire faoi agus a rá go heolgaiseaċ naċ mbíonn in aon ċeann de na seanráite úd aċ leaṫ na fírinne. Aċ, bíoḋ naċ gcreideann muid ann, féaċ mar sin féin go ndéanann muid beart dá réir! Agus is minic naċ lenár leas an beart sin, aċ ċoṁ beag.

Fadó, fadó. nuair naċ raiḃ súil na slí ionainn ba é an doṁan mór an gáirdín beag sa ḃaile. Ċloisimis glórṫa agus callán lastall, agus diaiḋ ar ndiaiḋ d'ḟás ionainn dúil ċun a ḟáil amaċ cad a ḃí lasmuiġ. An céad cnoc glas amaċ os ár gcoṁair! Ṫáinig an lá agus ḃí ar ár gcumas laiste an ġeaṗta a árdú. Amaċ linn go gasta. Íontas na n-iontas! Bóṫar fada eaguimse uainn suas agus síos. An tráċt, an foṫram! Saol nua a ḃí ann amaċ is amaċ! Ḃí aċan ní úr nua, agus coṁ h-iontaċ leis an sneaċta dearg.

D'ḟás muid suas beagáinín ⁊ ċuala muid iomrá ar an scoil. Cnoc eile uainn le dreapaḋ! Agus nár ġlas é! Venimus, vidimus, aċ mo léan géar. ní raiḃ an bua le maíoṁ againne mar ḃí ag Caesar anallód. Nár ṁear mar a ṁeaṫ an ġlaise!

Lean muid ar aġaiḋ frío an scoil, rainiġ muid na scrúdaiṫe agus ḋreap muid ṫart orṫu. D'ḟág muid an scoil agus, caidé ḃí inḋán dúinn?

Tá mórán cainte ar na cnoic ġlasa i gcéin ċeiṫ ag meallaḋ ár muintire uainn; gurb iad is cúis leis an imirce, agus lena dtagann dá ḋeasca. Aċ ní hiad na cnoic i bfad ó ḃaile is cúis le furṁór na h-imirce ón tír seo, aċ an dí-ḟostaíoċt sa ḃaile. Cuireann an dí-ḟostaíoċt sin na mílte ar ṡiúl aċan bliain, aċ ní ḃíonn an dara suí sa ḃuailiḋ acusan.

Go díreaċ, tá beagáinín ann a ṫéann ṫar lear ag súil go mbeiḋ am breá spórtiúil acu, agus gan barraíoċt le déanaṁ acu. Aċ, tá na daoine sin san gann - ċuid i gcomparáid le na daoine go ḃfuil iaċall orṫa imeaċt. As calaṗort na hÉireann tá tuile de ṡíorṡileaḋ le breis agus céad bliain anuas. Tá Óġánaiġ na hÉireann — cuid ṁaiṫ ar aon ċuma — ag tréigint a dtíre, ⁊ ní fearrde ná ní suḃáiléide sinn a n-imeaċt. Tá neart agus luṫ ⁊ fuinneaṁ na hÉireann dá ṡú amaċ, mar is iad na daoine is fuinniúla agus is mó dul ċun cinn a ṫéann ṫar lear de ġnáṫ, na daoine úd naċ ḃféadfaḋ air suas le falsaċt ná le saol ciúin, saol atá follaṁ, dár leofa.

Agus an té a ḟáigeann amaċ tré imirce, naċ ḃfuil na cnoic mar a gealladh, naċ ḃfuil sráideanna Londainagus Nua Eaḃraċ páḃáilte le h-ór buí, tá ciall ċeannaiṫe aige, agus is maiṫ an tosnú é sin féin.

Beiḋ imirce ann coiċe, is dóċa. Raċaiḋ misiúnaiṫe ṫar lear, agus daoine naċ iad. Ní dóiḃ siúd a ḃítear ag tagairt nuair a ḃítear ag tráċt ar an imirce, aċ do na daoine óga, idir buaċaillí agus cailíní, a ṫéann go Sasain agus go tíorṫa eile ċun slí ḃeaṫa a ḃaint amaċ. Tuigtear a ḃaolaí don tír an imirce seo gan ċosc. Tá an imirce ag déanaṁ buarṫa don ċléir agus don tuaṫ, do luċt gnó sna bailte móra ⁊ do luċt saoṫraiṫe na talún faoin tuaṫ.

Agus ní faoin tuaṫ aṁáin a ṁoṫaítear an imirce. Braiṫeann an ċaṫair ar an tuaṫ. Má imíonn muintir na tuaiṫe ní ḃeiḋ glaoċ ar earraí na monarċan. Fágfaiḋ sin díoṁaointeas agus ocras — agus imirce — ag oibriṫe na monarcan.

Dá olcas é cailliúint na n-ógánaċ, tá cailliúint ṁór eile atá níos measa ná í — an ċailliúint síorraí a bíonn ann nuair a ṫréigeann daoine an ċreideaṁ inár oileaḋ iad. Agus níl aon aṁras ná go dtréigeann roinnt ṁaiṫ é nuair a ḃíonn orṫu cur fuṫú i dtimpeallaċt ṗágánaċ; mar is féidir a rá go fírinneaċ gur tíorṫa págánaċa iad furṁór na dtíorṫa naċ féidir tíorṫa Caitliceaċa a ġlaoċ orṫu.

Aċ, in ainneoin é sin go léir leanann na daoine scáirt na gcnoc agus gaḃann siad ar aġaiḋ, ag dreapaḋ, ag síor-ḋreapaḋ.

Frío an tsaol go léir bíonn muid ag dreapaḋ ṫar cnoic, agus bíonn cnoic eile ár meallaḋ ar aġaiḋ. Eaċtra ann féin aċan uile ċeann ariaṁ acu. Spreagann siad ionainn an ḟiosraċt is dual dúinn ónár gCéad Aṫair. Ní túisce sinn ar bárr ná caiṫeann muid leanúint ar aġaiḋ. ní ṫig linn stopaḋ ariaṁ agus ḃeiṫ sásta leis an méid atá againn.

Agus naċ ḃfuil san saol seo roṁainn aċ fál mór le dreapaḋ. Agus muid óg bíonn an saol mar cnoc fíor-ġlas agus teastaíonn uainn ḃeiṫ ag a barr. Nuair a ḃíonn muid ag gaḃáil ar aġaiḋ san saol cailleann an cnoc sin cuid dá glaise. Ṫárlaíonn sin nuair naċ mbíonn níṫe ag dul i gceart do ḋaoine agus nuair a ḃíonn siad duḃ-dóite leis an saol go léir.

Aċ tá daoine eile ann, agus bíonn an todċaí i dtólaṁ rompu mar cnoc aoiḃinn fíor-ġlas, agus bíonn dóċas i gcónaí acu go mbéiḋ Coṁluadar Dé ag feiṫeaṁ leofa nuair a ṫiteann orṫu an tsuan a ṁaireas go bráṫ.

Máire B. Ní Dodaiġ.

Leaṫnaċ na nÓg

An tseaċtain seo caite, ba é an t-Oireaċtas an scéal mór, ar fud na tíre i ngraiṫí a ḃain le Gaelaċas.

Go speisialta i mBaile Áṫa Cliaṫ, ḃí sé na scéal ṁór, do scoltaċa lán-Ġaelaċa agus na teaġlaií arḋ í an Ġaeilge a ngnáṫeanga, nó tugaḋ cuireaḋ do mórán mór díoḃṫa sin ċun teaċt ċuig lá speisialta na nÓg ag an Oireaċtas, agus do réir mar ċluinim, ḃí spórt agus spraoi ar ḋóiġ, acu ann.

Is trua naċ féidir níos mó de ṁuintir na tuaiṫe a ṫaḃairt ċuig na h-imeaċtaí seo, aċ, tá deacraċtaí leis sin, idir deacraċtaí taisteál agus eile. Aċ, b'ḟiú do scoláirí na meánscol aċ go speisialta, a ḃfuil árd staidéar déanta acu ar ċúrsaí na Gaeilge, a ḃeiṫ ag smaoineaṁ ar taḃairt faoi comórtaisí scríḃ-neoireaċta an Oireaċtais. Tá comórtaisí anseo fá ċoinne drámaí agus gearrscéalta, ċoṁ maiṫ le úrscéala agus eile, ⁊ daoine go ḃfuil staidéar déanta acu ar an litríoċt, tá an cumas iontu ċun gearrscéalta agus scéalta níos fuide a ċumaḋ, agus má ṁoṫaíonn siad go ḃfuil, ba ċeart díoḃṫa a ḃeiṫ ag smaoineaṁ anois féin, ar comórtaisí an Oireaċtais don ḃliain seo ċugainn.

Tá an clár le fáil ón Rúnaí, ag Oifigí Ċonraḋ na Gaeilge, ar 6o. Agus go cinnte, ní ṫiocfaḋ le scoláirí rud níos fearr a ḋéanaṁ taréis do na scrúdúċáin a ḃeiṫ ṫart, ná tamall a ċaiṫeaṁ ag dul don scríḃneoireaċt crutaíoċ.

A ḋálta sin, i gceann cúpla seaċtain eile, ḃéarfaiḋ muid féin comórtas anseo ar gearrscéalta, agus beiḋ áṫas orainn an ċuid is fearr de na gearrscéalta a ċuirtear isteaċ ar an ċomórtas a ḟoilsiú, agus ḃéarfar rud éigin mar luaċ-saoṫar ar gaċ uile ċeann de na scéalta seo a ḟoilsítear. Mar sin de, bí ag smaoineaṁ ar eaċtra, nó caraċtar ar biṫ go ḃfuil aiṫne agat air, agus bí ag smaoineaṁ ar iad a ċur i gcionn a ċéile, ċun gearrscéal a ḋéanaṁ.

Agus muna ḃfuil tú go maiṫ ag gearrscéal, ḃail, má scríoḃann tú síos sean-scéal agus é a ḋéanaṁ go deas agus go h-ealaínta, d'ḟéadfá é ċur isteaċ ar an ċomórtas.

Anois, an tseaċtain seo, is dóċa go mbeiḋ briseaḋ ag cuid de na scoláirí le lá nó ḋó breise fá oíċe Ṡaṁna. Agus cibé acu a ḃéas faill acu taḃairt faoi an gcomórtas, nó naċ mbeiḋ, beiḋ comórtas againn an tseaċtain seo ar scríḃneoireaċt — Aiste ar "Oíċe Ṡaṁna" do na sóisir agus do na sinsir, rud beag níos doiṁne—Aiste ar "An Róidéis."

Mar sin de, le linn an spóirt ag oíċe Ṡaṁna féin, ná dearmad na h-aistí agus cuir ċun bealaí iad lá naċ déanaí ná an Aoine, seo ċugainn—Aoine, an 5ú lá de Ṡaṁain.

Sinsir:

An Róidéis agus Cine-deiġilt

Sóisir:

Scéal Táiḃsí.

Aċ eagrú Fine Gael

Tá Fine Gael ag déanaṁ feaċtas mór aṫ-eagraiṫe i nDún na nGall ṫiar-ṫuaiḋ gan ṁoill. Tá 26 cruinniṫe speisialta le ḃeiṫ ann, ar feaḋ 10 lá, agus táṫar ag déanaṁ réitiú go raċfaiḋ coistí óna Cumainn uiliġ ċuig an Árd Ḟeis i dTeaċ an Árd Ṁaoir, deireaḋ na míosa seo. Táṫar ag caint ar bus a ḟostú fá ċoinne an turais.

Rann na Feirste

Cáineaḋ Brian Ó Duiḃeanaiġ (e.), Rann na Feirste, £8 agus h-orḋú ḋó £4-10-0 costaisí a íoc, ag Cúirt Dúiċe an Ċloċáin Léiṫ, ar ċúis go raiḃ sé ag baint úsáid as eangaċ gan ceadúnas; as a ḃeiṫ ag iascaireaċt le eangaċ ag am a ḃí toirmeiscṫe agus ag iascaireaċt le eangaċ sínte, ar an Ċroiċṡlí, ar an 18ú lá d' Iúil seo caite. Ḃí Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., ṫar ċeann Bord Iascaireaċta Leitir Ceanainn, ⁊ S. S. Delap ar son an ċosantóra. Indiaiḋ fianaise ón Gárda Ó Curráin, Anagaire, adúirt go raiḃ sé ar patrol iascaireaċta, agus go ḃfaca sé an cosantóir ag ceangal eangaċ do ċloiċ, agus ag riṫ ar ṡiúl. Dúirt an tUasal Delapp go raiḃ sé ag admháil na coirṫe. Dúirt Ó Duiḃeanaiġ naċ raiḃ sé ariaṁ i dtrioblóid roiṁe. Dúirt an tUasal Delap naċ raiḃ poachάil tráċtála ar biṫ ar siúl sa ċeantar. An tUas. Ó Doṁnaill—Tá sé coṁ ceart é sin a rá, i ḃfarús ceantar eile sa ċondae. Indiaiḋ na cánaċa a ḟógairt, dúirt an tUasal Ó Doṁnaill, gur ṁaiṫ leis molaḋ a ṫaḃairt don Sáirsint Ó Gaora, ⁊ an Gárda Ó Curráin as coṁ coiméadaċ agus a ḃí siad ins na graiṫí. Ḃí an Bord Iascaireaċta íontaċ buíoċ as an có-oibriú a ḃí siad a ḟáil óna Gárdaí, ag coiméad na h-iascaireaċta.

Cúrsaí Iolscoile

Ag freagairt ceiste ó Donnċa Ó Briain, agus Teaċtaí eile, dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais, sa Dáil, go raiḃ timpeall 5 p.c. do ḋaoine idir 18 agus 22 ag leanúint cúrsaí Iolscoile anseo in Éirinn agus go raiḃ sé sin timpeall agus an fé'n gcéadmú céanna i dtíorṫa Eorapaċa eile

- - - - - - - - - - - -

Cupón

Amáraċ

29-10-1965

- - - - - - - - - - - -

Acaill

Cúis an ṁór ḃróin insan ċeantar ar fad, an taisme a ṫárla do Seán Ó Loingsiġ as an Ġleann. Ṫáinig sé arais ó Ṡasain tá mí ó ṡoin, do soċraid a aṫar, agus is cosúil go ndeaċa a ċárr isteaċ insan aḃainn tá seaċtain ó ṡin. Pádraic Mac Aoḋa, as Dún Inḃear, a ṫug fé ndeara an cárr ar tús, ar a naoi a' ċlog ar maidin, agus é ag dul ag crú na mbó. Ṫug sé scéala faoi agus ṫáinig an Sáirsint Mac Loċlainn agus an Gárda Ó Coiléáin, agus an Gárda Mac Aṁlaiġ ó Áras na nGárdaí ag Caol. Le caḃair fir ón áit, ṫarraing siad an Ford Cortina amaċ as an aḃainn, agus ansin fuarṫas corp Uí Loingsiġ ann. Ċonactas Seán Ó Loingsiġ go deireanaċ insan tsráidḃaile i gCaol, timpeall a 1 a' ċlog maidin Dé Céadaoine. Bás de ṫaisme an breiṫ a ṫug an Coiste Diardaoin.

Deireaḋ ar céad scadáin na bliana taoḃ amuiġ de Poirtín, tá corraḋ agus seaċtain ó ṡin, agus díolaḋ an cuid is mó acu san ċeantar. Táṫar ag súil gur seo tús do séasúr maiṫ scadán i mbliana.

Tá luċt na peile in Acaill go gnóṫaċ san am i láṫair, ag ullmhú fá ċoinne céilí na buaḋa, agus an céad dinéar agus caidreaṁ a ḃéas ag na foirne mionúr agus sóisear i mbliana, agus bronnfar na boinn orṫa a ġnóṫaiġ siad i riṫ na bliana.

Tá T. Mac Seáin, O.S., Eastléim, a ġortaiġ a ġualainn, insan ċraoḃ ċluiċe do Ṁuiġeo Ṫuaiḋ, tinn fós, aċ tá sé ag bisеaḋ go maiṫ.

Ar saoire in Óstán Ṁic Suiḃne, i nGob an Ċoire, lena ṁáṫair, tá an Dr. M. S. Mac Suiḃne agus a ḃean.

Tá Máire Nic Craiṫ, Medical Hall, Gob a' Ċoire, ṫar n-ais ag obair taréis coicís saoire insan Spáinn.

Coṁġáirdeaċas le Meánscoil Gob a' Ċoire a ḃuaiġ go h-éasca ar Ċaisleán Riaḃaċ. insan céad ḃaḃta do Coláistí Sóisrearaċ Ċonnaċta. B'é an scór deireaḋ— i gcluiċe cruinn—ná 5-5 do Gob' a' Ċoire, i gcoinniḃ 5-4 do Ċaisleán Riaḃaċ.

Cuireaḋ bail ṁaiṫ ar céiḃ Green's, Gob a' Ċoire, agus tá na h-aiseanna leandála cuid ṁaiṫ níos fearr ann anois.

Cúis bróin in Acaill, an scéal ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ gur éag Nóra Dean Uí Ċonċuḃair, in Ospidéal Naoṁ Ṁuire, Harold's Cross. Ḃí sí ina cónaí lena iníon. Mrs. M. Dean, i mBaile Áṫa Cliaṫ, aċ roiṁe sin, ḃí sí ina ṗríoṁ - oide ar Scoil na gCailíní i mBun a' Ċoire, ar feaḋ blianta fada.

Is uafásaċ an ċaoi atá ar an ċuid is boiċte den ṗobal de ṫairḃe tiṫe—adúirt S. S. Mellett, Príoṁ Innealtóir Cúnta, i gCo. Ṁuiġeo, i dtuarascáil deisiúċán riaċtanaċ, in tiṫe, a cuireaḋ os coṁair Coṁairle Co. Ṁuiġeo i gCaisleán an Ḃarraiġ. Dúirt sé insan tuarascáil leis an Ċoṁairle, dá nglacfaí le foráil ḟ faoi luaċáil £5, go ḃféadfaí tosnú ar réiteaċ a déanaṁ ar ċeist deacair mar seo.

Taréis éisteaċt ḋá lá, glacaḋ le fianaisí agus cuireaḋ ar aġaiḋ fá ċoinne na triail, Eoin Tolas, 17a South Circular Road, Baile Áṫa Cliaṫ, as Cabán Caol, ar an ċúisiú as tiomáint dainséaraċ ar gluaisteán ag Bun a' Ċoire, Acaill, ar an 23ú lá do Lúnasa, lena ndearna sé doċar trom agus loit, de Ṁiċeál Grealish, Bun a' Ċoire, Gob a' Ċoire. Cuireaḋ ina leiṫ fosta go raiḃ sé ag dul ró-ṫapaí an lá céanna. Glacaḋ leis na fianaisí os coṁair an Giúistís Mac Gahon, ar feaḋ cúig uaire a ċloig Diardaoin agus cuireaḋ siar an cás go dtí an Aoine. Ṫug an tSiúr Joseph Savio, Kochutheresia, doċtúir insan Ospidéal Condae i gCaisleán an Ḃarraiġ, fianaise fán gortú a ḃí ar Grealish, nuair a tugaḋ 'un an ospidéil é. Ḃí Eoin Tolas ag tiomáint banaltra ṫar n-ais go Baile Áṫa Cliaṫ ar a 3 a' ċlog ar maidin, nuair a ḃuail sé leis an ḟear.

Cloiċeannaola

Ḃí baint ṁór ag Ruaiḋrí Mac Easmain le Cloiċeannaola. Le pobal na Gaeltaċta féin ansin ar tús, agus na ḋiaiḋ sin, ḃí baint ṁór aige le bunú Coláiste Ulaḋ. Is ioma seandaoine fán áit go fóill, a ḃfuil cuiṁne ṁaiṫ aige ar Ruaiḋrí Mac Easmainn. ⁊ mar sin de, ba ṁaiṫ le coiste Glór na nGael i gCloiċeannaola, taispeántas Cuiṁneaċán do Ruaiḋrí Mac Easmainn a ċur ar bun, i gCloiċeannaola, deireaḋ na míosa seo.

Amáraċ, an 29ú Deireaḋ Fóṁair, ḃéarfaiḋ Proinsias Ó Dúinn, ball bunaiḋ aṫ-ṫeaċt Casement, léaċt ar Ruaiḋrí Mac Easmainn. Beiḋ an taispeántas ar oscailt ar an 29ú agus an 30ú lá de Ḋeireaḋ Fóṁair. Beiḋ le feiceáil ann, pictiúirí agus páipéirí a ḃaineas le Ruaiḋrí Mac Easmainn, cuid acu nár taispeáineaḋ ariaṁ roiṁe, go poiblí.

Ba ioma uair a ṫug Ruaiḋrí na nGael cuairt ar Ċloiċeannaola, agus ċaḃraiġ sé leis an ċéad ċoláiste Gaeilge i gCúige Ulaḋ, a ḃunú ag Gort a' Ċoirce, áit a ḃfuair a lán daoine ó tuaisceart na hÉireann a gcéad ḃlas ar an Ġaeilge. Táṫar ag súil go spreagfaḋ an taispeántas seo suim agus spéis don ceiliúraḋ a beiḋ ann an ḃliain seo ċugainn, ar cuiṁneaċán 50 bliain. Tá Cloiċeannaola ag pleanáil glór-réim speisialta fá ċoinne an cuiṁneaċán, agus cuid den obair socraiṫe ċeana féin.

Beiḋ an Glór-Réim ann seaċtain na Cásca, 1966, agus tá cuid ṁór oibre ag teastáil fá na ċoinne.

Tá Coiste Glór na nGael, Ċloiċeannaola, ag coṁoibriú le Coiste Glór na nGael i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ḃí coṁ-oibriú idir an dá ċoiste ċeana féin agus d'ḟoilsiġ siad duilleogán faoi an Maor Seán Mac Giolla Ḃríde, Fínín a rugaḋ i gCaṫair na Mart, Co. Ṁuiġeo. Insan taispeántas seo i gCloiċeannaola, beiḋ beagnaċ gaċ leaḃar a raiḃ baint aige le Ruaiḋrí na nGael ar taispeáint. Tá an Dr. Ó Macaí, Dún Laoġaire, a ṫroid ar son Mac Easmainn, ag ċaḃrú leis an taispeántas. Tá roinnt litreaċa naċ ḃfacṫas ariaṁ roiṁe, ar taispeáint, agus rudaí eile a ḃain le Mac Easmainn é féin, go pearsanta agus cóipeanna de páipéirí an ama úd.

Ailt a' Ċorráin

Tá Siún Bean Uí Ḋoṁnaill, bean Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., ar ṡiúl ar laeṫa saoire go dtí na Stáit Aontaiṫe.

Tá Máire Ní Ḋoċartaiġ, Ceann Caslaċ, agus Antoine Ó Doċartaiġ, iar-O.S., Cruit, Ceann Caslaċ, ar ṡiúl go Lourdes. Tá siad ċun cuairt a ṫaḃairt ar an Róiṁ ċoṁ maiṫ sula ḃfillfiḋ siad.

Tá an obair ar siúl fá ċoinne an córas uisce úr i mBaile Ṁánais amaċ ó Ceann Caslaċ. Táṫar ag iarraiḋ an uisce anseo le tamall.

Tá an Sáirsint L. Blennerhasset as Ciarraí a ḃí na Ṡáirsint ag Ailt an Ċorráin aistriṫe go Árd a' Ráṫa, agus beiḋ sé i mbun a ḋualgaisí ansin, ó seo amaċ.